Na hAchtanna um Eitic in Oifig Phoiblí 1995 agus 2001

- Comhairleoirí Speisialta –

Ráiteas um Leasanna 'ar bith'

chun críocha Alt 19 den Acht um Eitic in Oifig Phoiblí 1995

Ainm:	
An Post a Shealbhaítear:	
Roinn:	
Dáta Ceapacháin:	
An Tréimhse[1] a Chuimsítear sa Ráiteas seo:	
Seoladh le haghaidh Comhfhreagrais:	

Dearbhaím leis seo, maidir leis an tréimhse lena mbaineann an ráiteas seo, nach bhfuil leasanna ar bith, mar a shainítear iad san Acht um Eitic in Oifig Phoiblí 1995, de mo chuid, nó, ar feadh m'eolais iarbhír, de chuid céile nó linbh a d'fhéadfadh tionchar ábhartha a imirt orm i gcomhlíonadh fheidhmeanna an phoist mar chomhairleoir speisialta, nó maidir lena gcomhlíonadh.

Is eol dom freisin na hoibleagáidí atá leagtha orm faoi Alt 19(3)(a)(ii) agus (iii) den Acht um Eitic in Oifig Phoiblí 1995[2] (féach thíos) agus nach foláir dom ráiteas i dtaobh leasanna a sholáthar ar dháta nach déanaí ná 28 lá ón dáta a scoireann an sealbhóir oifige a bhfuilim mar chomhairleoir speisialta aige nó aici den oifig sin.

Síniú: _____ Dáta: _____

[1] Bliain chláraithe chaighdeánach (1 Eanáir go 31 Nollaig) nó aon chuid di.

[2] 19(3)(a)(ii) i gcás ar bith mar a bhfuil feidhm dá leithéid [mar chomhairleoir speisialta] le comhlíonadh agus go bhfuil eolas aige nó aici go bhfuil leas ábhartha aige nó aici nó ag duine gaolmhar leis nó léi in ábhar lena mbaineann an fheidhm déanfaidh sé nó sí—

(I) ráiteas i scríbhinn a ullmhú agus a sholáthar do shealbhóir na hoifige agus don Choimisiún maidir leis na fíricí sin,

(II) staonadh ón bhfeidhm a chomhlíonadh mura bhfuil fáthanna dochloíte a éilíonn air nó uirthi é sin a dhéanamh, agus

(III) má tá ar intinn aige nó aici an fheidhm a chomhlíonadh, ráiteas i scríbhinn a ullmhú agus a sholáthar do shealbhóir na hoifige agus don Choimisiún maidir leis na fáthanna dochloíte réamhráite, roimh chomhlíonadh na feidhme sin, nó mura bhfuil sin indéanta go réasúnta, a luaithe is féidir ina dhiaidh.

19 (3)(a)(iii) rachaidh an duine i mbannaí gan tabhairt faoi aon cheird, ghairm, slí bheatha nó obair eile, le saothair nó gan luach saothair, a d'fhéadfaí a shamhlú go réasúnta go bhféadfadh sé cur isteach ar chomhlíonadh fheidhmeanna an duine mar chomhairleoir speisialta nó bheith contrartha leo.